Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6287/21**

**COASI 22**
**ASIE 5**
**RELEX 109**
**COHAFA 10**
**CFSP/PESC 138**
**DEVGEN 26**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Feabhra 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6171/21 |
| Ábhar: | Maenmar/Burma<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 22 Feabhra 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 22 Feabhra 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma**

1. Seasann an tAontas Eorpach le muintir Mhaenmar/Bhurma. Cáineann an Chomhairle go géar an *coup* míleata a rinneadh sa tír an 1 Feabhra 2021. Iarrann an tAontas Eorpach go mbainfear an lasóg den bharrach sa ghéarchéim reatha trí dheireadh a chur, láithreach bonn, leis an staid éigeandála, tríd an rialtas sibhialta dlisteanach a athbhunú agus tríd an bparlaimint nuathofa a oscailt. Ní mór torthaí na dtoghchán daonlathach a tionóladh an 8 Samhain 2020 a urramú. Ní mór don lucht míleata a bhfuil déanta acu a thréigean.

2. Iarrann an tAontas Eorpach ar na húdaráis mhíleata, agus go háirithe ar an nGinearál Sinsearach, an tArdcheannasaí Min Aung Hlaing, an tUachtarán U Win Myint, an Comhairleoir Stáit Daw Aung San Suu Kyi agus iad siúd go léir a coinníodh nó a gabhadh i dtaca leis an *coup* a scaoileadh saor láithreach agus gan choinníoll. Ní mór teileachumarsáid gan bhac a áirithiú; an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse comhthionóil, agus rochtain ar fhaisnéis a ráthú, agus an smacht reachta agus cearta an duine a urramú. Cáineann an tAontas an chos ar bolg míleata agus póilíneachta i gcoinne léirsitheoirí síochánta agus ag an am céanna iarrann sé ar na húdaráis an ghuaim is mó is féidir a choinneáil orthu féin agus iarrann sé ar gach taobh staonadh ón bhforéigean, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Seasann an tAontas Eorpach i ndlúthpháirtíocht le saoránaigh uile Mhaenmar/Bhurma a fheidhmíonn a gceart bunúsach chun comhthionóil shíochánta chun tacú leis an rialtas agus leis an bparlaimint shibhialta dhlisteanach, agus lena rogha todhchaí dhaonlathach a bheith ann.

3. Thacaigh an tAontas Eorpach go diongbháilte le haistriú sibhialtach agus daonlathach Mhaenmar/Bhurma, agus le próiseas síochána na tíre agus an t-athmhuintearas náisiúnta, agus le forbairt shocheacnamaíoch chuimsitheach. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun tacú le hidirphlé leis na príomh-gheallsealbhóirí ar fad ar mian leo an staid a réiteach de mheon macánta, chun go n-éascófar athbhunú gasta chumhacht na n-institiúidí daonlathacha dlisteanacha.

4. Oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar leo siúd ar fad atá toilteanach tacú leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus leis an dea-rialachas, agus chun a áirithiú go n-urramófar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha i Maenmar/Burma. Chuige sin, úsáidfidh an tAontas gach bealach idirphlé le chéile le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile. I ndáil leis an méid sin, is mór ag an Aontas Eorpach a chomhpháirtíocht straitéiseach le ASEAN, molann sé tionscnaimh réigiúnacha, agus is díol sásaimh dó rannpháirtíocht Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus tacaíonn sé go hiomlán leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Toscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Schraner Burgener chun go bhfillfidh Maenmar/Burma, go síochánta, ar chonair an daonlathais arís.

5. Is cúis mhór imní don Aontas Eorpach an t-imeaglú atá á thuairisciú. Tabharfar tús áite i gcónaí do rannpháirtíocht láidir leis an tsochaí shibhialta agus do thacaíocht do chosantóirí chearta an duine agus d'iriseoirí.

6. Mar fhreagairt ar an *coup* míleata, tá an tAontas Eorpach faoi réir chun bearta sriantacha a ghlacadh lena ndíreofar orthu siúd atá freagrach go díreach. Déanfar gach uirlis eile atá ar fáil don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit a choimeád faoi athbhreithniú. Féachfaidh an tAontas Eorpach le bearta a sheachaint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do mhuintir Mhaenmar/Burma, go háirithe na daoine is leochailí. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach tograí iomchuí a fhorbairt i ndáil leis sin.

7. Leanfaidh an tAontas Eorpach de chúnamh daonnúil a chur ar fáil, i gcomhréir le prionsabail na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, do dhídeanaithe agus do dhaoine easáitithe i Maenmar/Burma agus sa réigiún, lena n-áirítear na Róihinsí, i gcomhréir lena rannpháirtíocht sheanbhunaithe agus leis na gealltanais a thug sé le linn na Comhdhála Idirnáisiúnta Deontóra maidir leis na Róihinsí ar a raibh sé ina chomhchathaoirleach an 22 Deireadh Fómhair 2020. Sa chomhthéacs sin, iarrann an tAontas an athuair go dtabharfaí rochtain dhaonnúil shaor gan bhac agus tá sé faoi réir dlús a chur lena chúnamh daonnúil do na riachtanais uile, más gá. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na géarchéime i Stát Rakhine agus na dálaí a chruthú a theastaíonn chun go bhfillfidh dídeanaithe agus daoine easáitithe ar bhealach sábháilte, deonach, inbhuanaithe agus díniteach, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta.

8. Chomhaontaigh an Chomhairle go mbeadh an caidreamh atá aici le Maenmar/Burma faoi athbhreithniú aici go leanúnach agus d'fhéadfadh sí tuilleadh beart a bhreithniú de réir mar is iomchuí.